Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2025/2167(INI)

12.01.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an moladh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe
(2025/2167(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Andrey Kovatchev

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTMHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 9

DRÉACHTMHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe
(2025/2167(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe,

– ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe Airteagail 21, 34 agus 36 de,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), go háirithe Airteagail 208, 214 agus 220 de,

– ag féachaint don 80ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe

– ag féachaint do Rún 79/318 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 18 Iúil 2025 maidir le Tionscnamh NA80,

– ag féachaint do Rún ES-11/7 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 24 Feabhra 2025 maidir le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach a chur chun cinn san Úcráin,

– ag féachaint do Rún 79/174 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 17 Nollaig 2024 maidir le saoirse reiligiúin agus creidimh,

– ag féachaint do Rún 79/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 22 Meán Fómhair 2024 maidir le Tionscnamh NA80,

– ag féachaint do Rún 65/276 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 10 Bealtaine 2011 maidir le rannpháirtíocht an Aontais in obair na Náisiún Aontaithe,

– ag féachaint do thuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe an 18 Meán Fómhair 2025 dar teideal *Shifting Paradigms: United to Deliver* [Paraimídí Athraitheacha: Aontaithe chun beart a dhéanamh],

– ag féachaint do thuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe an 4 Meán Fómhair 2025 maidir le meastacháin athbhreithnithe a bhaineann leis an mbuiséad cláir atá beartaithe do 2026 agus leis an gcuntas tacaíochta d'oibríochtaí síochánaíochta don tréimhse 2025-2026,

– ag féachaint do thuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe an 31 Iúil 2025 dar teideal *Report of the mandate implementation review* [Tuarascáil ar an athbhreithniú ar chur chun feidhme an tsainordaithe,

– ag féachaint dá moladh chuig an gComhairle an 9 Meitheamh 2021 maidir leis an 75ú agus an 76ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe[1],

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2025 maidir leis an gComhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir leis an tSíocháin agus an tSlándáil a Uasghrádú: Tosaíochtaí Comhpháirteacha 2025-2028

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 23 Meitheamh 2025 maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 80ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2025-Meán Fómhair 2026,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 27 Eanáir 2025 maidir le tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2025,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Márta 2025,

– ag féachaint do Riail 121 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2025),

A. de bhrí, sa timpeallacht gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, go bhfuil sé ríthábhachtach seasamh leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus é a neartú agus feidhmiú éifeachtúil na n-eagraíochtaí idir-rialtasacha a áirithiú;

B. de bhrí go bhfuil bagairtí méadaitheacha os comhair an chórais iltaobhaigh, amhail ionsaithe na Rúise ar an ollstruchtúr domhanda síochána agus slándála, lena n-áirítear Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), tionchar méadaitheach na Síne agus atheagrú rannpháirtíocht na Stát Aontaithe in eagraíochtaí idirnáisiúnta, chomh maith le ciorruithe ar chistiú a dhéanann difear do réimsí criticiúla amhail cúnamh daonnúil, oideachas, sláinte agus cothú na síochána;

1. á mholadh go ndéanfadh an Chomhairle, an Coimisiún agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an méid seo a leanas:

An t-iltaobhachas a chosaint agus a neartú

(a) leanúint de thacaíocht a thabhairt don iltaobhachas éifeachtach a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, den dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a chosaint agus de rialacha agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a chaomhnú, lena n-áirítear ceannasacht, iomláine chríochach, neamhspleáchas polaitiúil, féinchinntiúchán agus cosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha;

(b) leanúint de bheith diongbháilte maidir le cearta uilíocha an duine, an daonlathas, dínit an duine, an comhionannas agus an smacht reachta a chosaint, i gcomhréir le Conclúidí 2025 ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais i bhfóraim na

[1] IO L 67, 8.2.2022, lch. 150.

Náisiún Aontaithe um chearta an duine;

(c) a athdhearbhú go bhfuil ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí iltaobhacha mar ardáin fhíor-riachtanacha chun coinbhleachtaí a réiteach agus don rialachas domhanda;

Athchóirí ar chóras na Náisiún Aontaithe

(d) tacú le hathchóirithe uaillmhianacha ar chóras na Náisiún Aontaithe agus clár oibre athchóirithe NA80 a chur chun cinn, lena n-áiritheofar go mbeadh na Náisiúin Aontaithe níos éifeachtaí, níos éifeachtúla, níos trédhearcaí agus níos inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de, agus go bhféadfadh na Náisiúin Aontaithe a bheith freagrúil agus in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda atá ann faoi láthair agus cinn atá ag teacht chun cinn;

(e) tacú le hathchóiriú cuimsitheach ar CSNA chun í a dhéanamh níos éifeachtaí, níos cuimsithí, níos trédhearcaí, níos daonlathaí agus níos cuntasaí, lena n-áiritheofar go léireofar léi réaltachtaí domhanda an lae inniu ar bhealach níos fearr, lena mbunófar coinníollacha chun úsáid an chrosta a theorannú go docht nuair a chuireann sí bac ar ghníomhaíocht bhunriachtanach na Náisiún Aontaithe, agus é mar aidhm í a chúlghairm go hiomlán amach anseo;

(f) na Ballstáit a spreagadh chun a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú laistigh de chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, agus oibriú i dtreo athchóiriú ar chóras rapóirtéirí speisialta na Náisiún Aontaithe; na nósanna imeachta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar aon chlaontacht agus neamhéifeachtúlacht a d'fhéadfadh sainordú ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe a chur i mbaol, lena n-áiritheofar grinnfhiosrúchán agus formhaoirseacht leormhaith ar an bhfoireann, agus iad a bhaint i gcás inarb iomchuí;

(g) leanúint den chomhar le comhpháirtithe, amhail na Stáit Aontaithe, a neartú chun teacht ar chomhthoil agus chun ord iltaobhach éifeachtach a chur chun cinn;

(h) an fhreagracht atá ar CSNA seasamh leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta agus cuntasacht as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta a áirithiú a mheabhrú, agus féachaint ar bhealaí chun ról Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe sa réimse sin a neartú, trí úsáid a bhaint as córas vótála trí thromlach cáilithe ar nós an Aontais Eorpaigh, trína meastar gur ceangailteach iad rúin Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe arna vótáil trí thromlach dhá thrian de na comhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar dhá thrian den daonra;

An tsíocháin agus an tslándáil

(i) a gcaineadh ar chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a athdhearbhú mar aon le hionsaithe na Rúise ar an ollstruchtúr domhanda síochána agus slándála, lena n-áirítear ionstraimí CSNA; tacú le sos cogaidh iomlán chun fulaingt shibhialtach a mhaolú, agus le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach don Úcráin, lena n-áirítear ráthaíochtaí láidre

slándála bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta, agus cuntasacht iomlán as coireanna cogaidh á háirithiú ag an am céanna; tacú leis na Náisiúin Aontaithe sásraí dlíthiúla a shainaithint chun sócmhainní reoite na Rúise a shlógadh ar mhaithe le hatógáil na hÚcráine gan ualach airgeadais a chur ar Bhallstáit an Aontais;

(j) á chur in iúl gur cúis bhuartha di an baol a bhaineann le coimhlint mhéadaithe ar fud an Mheánoirthir agus an ról díchobhsaitheach atá ag an Iaráin agus ag a hionadaithe réigiúnacha; dlús a chur le hiarrachtaí taidhleoireachta i bhfóraim iltaobhacha agus comhar níos dlúithe a lorg le comhpháirtithe an Aontais sa réigiún chun tacú leis an díghéarú, leis an atógáil agus le hidirphlé fóinteach; tathant ar na gníomhaithe uile a n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus é d'aidhm acu síocháin chothrom, chuimsitheach agus mharthanach a bhaint amach bunaithe ar an réiteach dhá stát;

(k) páirt a ghlacadh in iarrachtaí taidhleoireachta chun tuilleadh géaraithe a chosc i gCaolas na Téaváine agus i Muir na Síne Theas agus cur i gcoinne aon athrú aontaobhach ar an *status quo*; oibriú le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun cobhsaíocht sa réigiún a threisiú; cur i bhfios go láidir nach gcinntear ceannasacht Dhaon-Phoblacht na Síne ar an Téaváin le Rún 2758 ó na Náisiúin Aontaithe, agus dlús a chur leis an tacaíocht do rannpháirtíocht fhóinteach na Téaváine in eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(l) leanúint de bheith i dteagmháil leis na Náisiúin Aontaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála dhomhanda trí choinbhleachtaí a chosc, idirghabháil, cothú na síochána agus bainistiú géarchéime, i gcomhréir leis an gComhpháirtíocht Straitéiseach idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir leis an tSíocháin agus an tSlándáil; aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag oibríochtaí síochána na Náisiún Aontaithe agus an t-athbhreithniú ar thodhchaí na n-oibríochtaí sin a ghiaráil chun a áirithiú go ndéanfar iad a oiriúnú i gcomhréir le tírdhreach slándála an lae inniu;

(m) aitheantas a thabhairt do na rioscaí tromchúiseacha a eascraíonn as rás arm nua agus as lagú na n-iarrachtaí dí-armála domhanda, arna spreagadh den chuid is mó ag méadú núicléach na Rúise, na Síne agus na Cóiré Thuaidh; leanúint de na creataí iltaobhacha lena rialaítear neamhleathadh agus rialú arm a choimirciú agus a threisiú, chomh maith leis na creataí sin lena rialaítear onnmhairiú arm agus earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide; ionstraimí iltaobhacha a chur chun cinn agus a neartú i gcoinne airm cheimiceacha agus bhitheolaíocha a tháirgeadh, a stoc-charnadh agus a úsáid;

Forbairt inbhuanaithe agus cearta an duine

(n) leanúint de chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chomhtháthú san fhorbairt inbhuanaithe; béim a leagan ar ról ceannasach an Aontais toisc gurb é an soláthróir cúnaimh oifigiúil forbraíochta is mó ar domhan; an Tairseach Dhomhanda a ghiaráil tuilleadh mar rogha mhalartach ar thionscnaimh bhonneagair iomaíocha agus ceann atá inbhuanaithe, trédhearcach, daonlathach, agus bunaithe ar luachanna, agus a rannchuidíonn leis na Spriocanna Forbartha

Inbhuanaithe a bhaint amach trí fhás frithpháirteach, gníomhaíocht eacnamaíoch agus cruthú post a chothú i dtíortha comhpháirtíochta, agus neamhspleáchas straitéiseach, seasamh geopholaitiúil agus inchreidteacht dhomhanda an Aontais á neartú ag an am céanna;

(o) a athdhearbhú go haonchiallach nach mór cearta uile an duine a chumhdaítear i gcoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe a urramú go hiomlán; á iarraidh ar na Náisiúin Aontaithe cáineadh a dhéanamh ar threochtaí domhanda a bhaineann an bonn de na cearta sin, lena n-áirítear imeallú méadaitheach chearta an duine agus an laghdú atá ag teacht ar an spás don tsochaí shibhialta;

(p) tosaíocht a thabhairt don chomhrac i gcoinne na bréagaisnéise, arna scaipeadh trí mhéadú algartamach ag ardáin mhóra ar líne, úsáid mhéadaitheach samhlacha móra teanga gan coimircí leordhóthanacha i bhfeidhm, an dúshaothrú a dhéanann gníomhaithe eachtracha mailíseacha orthu, agus mainneachtain cuideachtaí móra teicneolaíochta a n-oibleagáidí faoin reachtaíocht atá ann cheana maidir leis an ábhar sin a chomhlíonadh, rud a bhaineann an bonn den daonlathas agus de phróisis toghcháin;

(q) cur chun cinn na saoirse reiligiúin agus creidimh a neartú agus bearta níos láidre a iarraidh chun mionlaigh reiligiúnacha agus mionlaigh eile a chosaint, lena n-áirítear pobail Chríostaí;

(r) tiomantas an Aontais a threisiú chun an tsláinte dhomhanda a chur chun cinn i gcomhar lena chomhpháirtithe;

°

° °

2. á threorú dá hUachtarán an moladh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

I bhfianaise na héagóbhsaíochta domhanda atá ag dul i méid, iliomad coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, agus na mbagairtí méadaitheacha ar an gcóras iltaobhach, tá sé ríthábhachtach seasamh leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus é a neartú agus feidhmiú éifeachtúil na n-eagraíochtaí idir-rialtasacha a áirithiú; Cuirtear i bhfios go láidir sa tuarascáil gur gá tacú le hord iltaobhach riailbhunaithe éifeachtach a mbeidh na Náisiúin Aontaithe ina chroílár ann, gur gá an dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a chosaint, agus seasamh le rialacha agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, agus oibriú ag an am céanna i dtreo Náisiúin Aontaithe a bheidh níos éifeachtaí, níos éifeachtúla, níos trédhearcaí, níos inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de agus níos freagrúla agus a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn.

Meabhraítear sa tuarascáil tiomantas an Aontais do chearta an duine, don fhorbairt inbhuanaithe agus don chomhar iltaobhach, agus béim á leagan ar ról ceannasach an Aontais sa chúnamh forbartha, ar an tacaíocht a thugann sé do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus ar an ngá atá ann cur i gcoinne na bréagaisnéise, saoirsí bunúsacha a chosaint, agus saoirse reiligiúin nó creidimh a chaomhnú. Cuireann sí i dtreis freisin a thábhachtaí atá sé sainorduithe agus cleachtais na Náisiún Aontaithe a nuachóiriú chun éifeachtacht, neamhchlaontacht agus inchreidteacht a áirithiú ar fud an chórais.

Molann sí comhar iltaobhach a ghiaráil chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair amhail an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun, leathadh arm ollscriosta a chomhrac, forbairt inbhuanaithe a chothú, agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud an domhain.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)